Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/3237

13.6.2025

**Glao ar léirithe spéise**
**Iniúchóirí – Clár na nGairmithe Sóisearacha**
**Foireann shealadach (grád AD 6)**

(C/2025/3237)

CÉ MUID FÉIN

Is í Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) iniúchóir seachtrach an Aontais Eorpaigh (AE). Bunaíodh an Chúirt sa bhliain 1975, agus is ceann de sheacht n-institiúid an Aontais Eorpaigh í. Táimid lonnaithe i Lucsamburg agus tá thart ar 1 000 duine, de gach náisiúntacht den Aontas, fostaithe ar an bhfoireann iniúchóireachta, tacaíochta agus riaracháin.

Feidhmíonn CIE mar chomhlacht coláisteach ina bhfuil 27 gComhalta, le comhalta amháin ann as gach Ballstát den Aontas. Seiceálann ár n-iniúchóirí go bhfuil cuntais mhaithe á gcoinneáil ag an Aontas, go bhfuil na rialacha airgeadais á gcur i bhfeidhm i gceart aige agus go bhfuil beartais agus cláir an Aontais ag baint amach na gcuspóirí atá beartaithe leo agus go dtugann siad luach ar airgead i gcrích.

Trínár gcuid oibre, cabhraímid leis an mbainistíocht airgeadais a dhéantar san Aontas a fheabhsú, chomh maith leis an gcuntasacht agus an trédhearcacht a chur chun cinn. Tugaimid rabhadh i dtaobh rioscaí, soláthraímid dearbhú iniúchóireachta, tarraingímid aird ar easnaimh agus scéalta rathúla agus tugaimid treoraíocht do lucht déanta beartais agus reachtóirí an Aontais. Cuirimid ár mbarúlacha agus moltaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus na rialtais agus parlaimintí náisiúnta, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne.

Is eagraíocht nua-aimseartha agus fhuinniúil sinn, atá ar ár ndícheall le barr feabhais, gairmiúlacht, trédhearcacht agus ionracas a chothú agus a chur chun cinn. Breathnaímid orainn féin mar institiúid ilghnéitheach, sholúbtha agus chothromasach a thugann an deis do gach duine lántairbhe a bhaint as na buanna atá acu. Trínár bpáirtíocht aonair agus chomhchoiteann in imeachtaí CIE agus trínár gclár oiliúna uaillmhianach, tá sé mar aidhm againn áit oibre a dhéanamh den Chúirt Iniúchóirí a spreagann an éirim aigne, agus í a bheith ina heagraíocht fhoghlaim-bhunaithe a bhíonn ag brath ar eolas institiúideach agus ar dhaoine atá spreagtha agus dea-oilte chun fónamh don Aontas Eorpach agus dá shaoránaigh.

Is institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh ar scála daonna sinn: éascaíonn sé sin an t-imeascadh, cothaíonn sé idirghníomhú níos éasca agus spreagann sé obair bhuíne. Cuirimid uaireanta oibre solúbtha agus deiseanna ar fáil agus tá an deis ann teilea-obair a dhéanamh, agus é sin lasmuigh den áit chónaithe chomh maith ([1]). Is mór againn an éagsúlacht agus an cuimsiú, cuirimid comhionannas deiseanna chun cinn agus déanaimid deimhin de go bhfuil timpeallacht oibre ann ina dtugtar urraim do chách agus atá bunaithe ar chumarsáid oscailte, ar idirphlé agus ar mhuinín fhrithpháirteach. Is gnéithe tábhachtacha dár mbeartais inmheánacha iad rannpháirtíocht foirne, dea-bhail na bhfostaithe agus a bheith aireach i dtaobh an chomhshaoil.

Tá an Chúirt roinnte in 10 stiúrthóireacht iniúchóireachta agus riaracháin a fheidhmíonn le foirne atá solúbtha agus a bhfuil a gcuid oibre bunaithe ar thascanna. Pléann na stiúrthóireachtaí iniúchóireachta le réimsí éagsúla beartais dá sanntar baill foirne de réir na dtosaíochtaí a eascraíonn as an gclár oibre. Tá an bainistiú eolais agus an fhorbairt a dhéantar ar saineolas iomchuí ríthábhachtach dár gcuid oibre iniúchóireachta, obair a mbíonn taisteal go tíortha AE agus tíortha eile ar fud an domhain freisin i gceist léi.

A BHFUIL Á THAIRISCINT AGAINN

Tá Clár na nGairmithe Sóisearacha á sheoladh ag CIE d'fhonn céimithe cumasacha nua a mhealladh ar féidir leo rannchuidiú freisin le comhdhéanamh ár bhfoirne a dhéanamh níos cothroime. Tá sé mar aidhm againn painéal d'iniúchóirí a bhunú a bhféadfaí conarthaí mar bhaill foirne shealadacha a thairiscint dóibh ina dhiaidh sin.

Tá an clár seo ina chuid dár mbeartas Acmhainní Daonna. Díríonn sé ar ghairmithe sóisearacha a chuirfidh feabhas ar ár lucht saothair agus tairbhe á baint acu ag an am céanna as deis forbartha gairmiúla uathúil, as taithí oibre luachmhar, agus as léargas ar airgeadas agus ar bheartais an Aontais agus ar ról CIE. Glacfaidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo páirt inár gclár ASPIRE ([2]) agus ina chohórt d'iniúchóirí óga. Cuidíonn a gcuid oibre le saoránaigh an Aontais tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a gcomhlíonann CIE a ról agus rialachas láidir airgeadais a chur chun cinn.

([1]) Faoi láthair, ceadaítear don fhoireann teilea-obair a dhéanamh suas le 3 lá in aghaidh na seachtaine faoi réir teorainn 10 lá in aghaidh na míosa. Astu sin, is féidir 5 lá sa mhí, agus 30 lá ar a mhéad in aghaidh na bliana, a chaitheamh ag obair ó lasmuigh den ghnáth-áit chónaithe.

([2]) https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/ASPIRE/ASPIRE-programme-en.pdf.

Earcófar na hiniúchóirí faoi Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CFSE) ([3]) ar feadh tréimhse ceithre bliana, atá inathnuaite uair amháin ar feadh uastréimhse de dhá bhliain breise. Beidh an conradh tosaigh faoi réir tréimhse phromhaidh naoi mí.

Glacfaidh na hiniúchóirí nua-earcaithe páirt i gclár imeasctha na Cúirte agus is é a bheidh i gceist leis an gclár sin ná tréimhse ionduchtúcháin a mbeidh oiliúint iomchuí agus tumadh i bhfoirne iniúchóireachta ag gabháil léi.

Ag brath ar athruithe ar riachtanais oibríochtúla agus ar leas na seirbhíse, féadfaidh CIE comórtais inmheánacha a eagrú dá foireann i gcomhréir le hAirteagal 4 de na Rialacháin Foirne ([4]).

Faoi láthair, is é EUR 6 758,53 an buntuarastal míosúil a íoctar ag grád AD 6 (céim 1).

Féadfar liúntais áirithe a chur leis an mbuntuarastal sin, rud a thiocfaidh faoi réir cháin AE agus a bheidh díolmhaithe ó cháin náisiúnta, de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i CFSE agus ag brath ar chásanna aonair agus comhdhéanamh teaghlaigh.

Is féidir leis na forálacha atá ag treorú an ríomha maidir leis na liúntais sin a léamh i CFSE.

Tá a gcórais pinsean agus sláinte féin ag institiúidí an Aontais agus déantar ranníocaíochtaí a asbhaint ó thuarastail na foirne ag an bhfoinse.

Féadfaidh leanaí na mball foirne clárú saor in aisce ag an Scoil Eorpach.

CAD IAD NA CÚRAIMÍ AR FÉIDIR LEAT A BHEITH AG SÚIL LEO

Déanfaidh na hiniúchóirí a earcóimid iniúchtaí a dhearadh agus a dhéanamh i gcomhréir le caighdeáin a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu agus beidh an méid seo a leanas san áireamh ina gcuid tascanna:

— pleananna iniúchóireachta a tharraingt suas ar bhonn cur chuige fónta iniúchóireachta;

— nósanna imeachta iniúchóireachta a dhéanamh agus obair iniúchóireachta a dhoiciméadú;

— sonraí casta a thiomsú, a sheiceáil agus a anailísiú trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha;

— fionnachtana iniúchóireachta, tuarascálacha agus tuairimí a dhréachtú agus a chur in iúl;

— saineolas agus tacaíocht a chur ar fáil i mbainistiú eolais, i réimsí beartais ar leith agus i modheolaíocht iniúchóireachta;

— cuidiú le caidreamh CIE le geallsealbhóirí seachtracha ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a chothabháil agus a fhorbairt;

— doiciméid, faisnéis agus sonraí a bhailiú ó réimse leathan foinsí, agus anailís a dhéanamh orthu.

A BHFUIL Á LORG AGAINN

Tá iarratasóirí an-spreagtha á lorg againn atá toilteanach glacadh le luachanna Eorpacha agus na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:

## 1. **Ceanglais dhlíthiúla**

I gcomhréir le hAirteagal 12(2) de na Coinníollacha Fostaíochta, ní mór d'iarrthóirí, faoi dháta an iarratais:

— a bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;

— a gcearta iomlána mar shaoránach a bheith á dteachtadh acu;

— aon oibleagáid a chuirtear orthu leis na dlíthe earcaíochta a bhaineann leis an tseirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu; agus

— na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir lena oiriúnaí atá siad chun na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh.

([3]) Rialachán Uimh. 31/CEE, 11/CEFA, ag leagan síos Rialacháin Foirne Oifigigh an Chomhphobail Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Chomhphobail Eorpaigh agus an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385/62). Téacs comhdhlúite: ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/1962/31(1)/2025-05-13.

([4]) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1962/31(1)/2025-05-13.

2. **Cáilíochtaí**

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus le hAirteagal 5(3) de na Rialacháin Foirne is infheidhme de réir analaí maidir le baill foirne shealadacha, ní mór d'iarrthóirí leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad, arna fhianú le dioplóma a baineadh amach tráth nach mó **ná ocht mbliana roimh an sprioc-am le haghaidh iarratas ar an nglao seo**.

Sa bhreis ar an méid thuasluaite, **ní mór** d'iarrthóirí:

— céim Mháistreachta i réimse na hiniúchóireachta, na cuntasaíochta, an staidrimh, na matamaitice, na hinnealtóireachta, an riaracháin gnó, an airgeadais, an dlí, na heacnamaíochta nó na ríomheolaíochta a bheith acu; nó

— cáilíocht ghairmiúil a bheith acu i réimse na hiniúchóireachta nó na cuntasaíochta (ACCA, CIA, nó a choibhéis).

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach gcuirfear san áireamh ach dioplómaí agus cáilíochtaí gairmiúla a bronnadh nó a aithníodh i mBallstáit AE (nó iar-AE), nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis ó cheann de na Ballstáit sin.

3. **Taithí ghairmiúil**

Tá iarratasóirí á lorg againn ar féidir leo, faoin spriocdháta, fianaise ar **thrí bliana ar a laghad** de thaithí ghairmiúil choibhéiseach lánaimseartha a sholáthar in aon cheann de na réimsí seo a leanas: iniúchóireacht (iniúchóireacht airgeadais, chomhlíontachta, feidhmíochta), bainistíocht airgeadais, meastóireacht ar thionscadail nó ar chláir, nó dearadh nó cur chun feidhme beartas poiblí, a fuarthas tar éis **staidéar ollscoile trí bliana ar a laghad** a chríochnú mar a thuairiscítear faoi roinn 2 den cheannteideal 'Cáilíochtaí' thuas.

4. **Eolas ar theangacha**

— Sáreolas (máthairtheanga nó leibhéal C2 ar a laghad i dtuiscint, labhairt agus scríobh) ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais, agus eolas sásúil (leibhéal B2 ar a laghad i dtuiscint, labhairt agus scríobh) ar theanga eile de chuid an Aontais.

— Ós rud é gurb iad an Béarla agus an Fhraincis na teangacha oibre oifigiúla sa Chúirt, ní mór eolas fónta a bheith ag an iarrthóir ar cheann de na teangacha sin (leibhéal C1 ar a laghad i dtuiscint, labhairt agus scríobh na teanga).

Bheadh eolas ar theangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais ina bhuntáiste.

Luaigh an leibhéal teanga i do CV de réir na samhla measúnaithe seo a leanas: https://europa.eu/europass/en/common-european-framework-reference.

5. **Scileanna**

— Eolas ar iniúchóireacht.

— Cumas maidir le faisnéis a bhailiú, a thiomsú agus anailís a dhéanamh uirthi.

— Scileanna cumarsáide maithe.

— Cur chuige solúbtha maidir le bheith ag obair in eagraíocht atá bunaithe ar thascanna agus i dtimpeallacht idirnáisiúnta a éilíonn freisin taisteal thar lear le haghaidh cuairteanna iniúchóireachta ('misin').

— An cumas oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann.

— Inoiriúnaitheacht agus cumas beart a dhéanamh faoi bhrú ama.

— Smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna cruthaitheach.

NÓS IMEACHTA

1. **Céim incháilitheachta**

Déanfaidh coiste roghnúcháin [5] arna cheapadh ag údarás CIE a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích (AECCE) na hiarratais a scrúdú de réir na gcritéar atá leagtha amach i ranna 1 go 4 de 'A bhfuil á lorg againn'. Na hiarrthóirí sin nach gcomhlíonann aon cheann de na critéir incháilitheachta, dícháileofar iad ón bpróiseas roghnúcháin.

Bunóidh an coiste roghnúcháin liosta de na hiarrthóirí a chomhlíonann na ceithre chritéar incháilitheachta.

(5) Foilseofar comhdhéanamh an choiste roghnúcháin ar shuíomh gréasáin CIE.

2. **Céim an mheasúnaithe**

Léireoidh ár stiúrthóireachtaí agus ranna iniúchóireachta ó am go chéile na cineálacha próifílí i dtéarmaí staidéir ar leith, taithí ghairmiúil agus teangacha a labhraítear, agus is fearr a oireann dá riachtanais seirbhíse. Ar bhonn na gcritéar sin agus ar bhonn líon na bpost atá le líonadh, déanfaidh an coiste roghnúcháin na hiarrthóirí a shainaithint a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar iarrthóirí tuilleadh tástálacha sonracha a dhéanamh Tá na hagallaimh agus na trialacha deartha chun measúnú a dhéanamh ar thaithí, eolas agus scileanna gach iarrthóra (féach míreanna 3 go 5 thuas), chomh maith lena spreagadh. Cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas in am trátha faoi thráth na n-agallamh agus, más infheidhme, faoi aon triail is gá a dhéanamh.

Is é an coiste roghnúcháin a dhéanfaidh na measúnuithe.

Is féidir céim an mheasúnaithe a athdhéanamh i roinnt 'babhtaí roghnúcháin' bunaithe ar riachtanais seirbhíse. D'fhéadfadh na measúnuithe tarlú am ar bith suas go dtí an 31 Nollaig 2026, ach féadfar síneadh a chur leis an sprioc-am sin.

3. **Earcaíocht**

Tar éis gach babhta roghnúcháin, cuirfidh an coiste roghnúcháin painéal ar aghaidh chuig AECCE ar a mbeidh ainmneacha na n-iarrthóirí (in ord aibítre) a chomhlíonann na riachtanais i dtaca le dualgais an phoist (mar a thuairiscítear i roinn 3 go roinn 5 thuas). Bunaithe ar riachtanais seirbhíse agus ar phoist a bheith ar fáil, féadfaidh AECCE fostaíocht a thairiscint ansin do dhuine amháin nó níos mó de na hiarrthóirí.

Beidh gach painéal bailí ó dháta a fhoilsithe go dtí deireadh na bliana dár gcionn agus féadfar síneadh a chur leis.

Ní chinntítear aon teidlíocht earcaíochta trí áit a bheith bainte amach ag na hiarrthóirí ar an bpainéal a chuirfear chuig AECCE.

IARRATAIS

**Seo é an sprioc-am le haghaidh iarratais: an 4 Iúil 2025 ar 12:00 (meán lae) – Am Lucsamburg.**

Ní mór iarratais a dhréachtú i mBéarla nó i bhFraincis agus a chur isteach **tríd an bhfoirm ar líne** a thugtar ag bun an ghlao ar léiriú spéise (**EN nó FR**) atá ar fáil ar leathanach Deiseanna Fostaíochta na Cúirte (faoi 'Poist oscailte'):

https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/JobOpportunities.aspx.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith sna hiarratais:

— litir chumhdaigh (**leathanach amháin ar a mhéad**),

— CV atá cothrom le dáta (**3 leathanach ar a mhéad**) agus nach mór a bheith leagtha amach i bhformáid '**Europass**' (féach https://europa.eu/europass/ga).

Agus cur síos á dhéanamh acu ar a n-oideachas agus ar a dtaithí ghairmiúil, **ní mór d'iarrthóirí an méid seo a leanas a chur in iúl:**

(i) fad caighdeánach an chláir staidéir a cuireadh i gcrích; agus

(ii) dátaí tosaigh agus deiridh gach taithí oibre.

**Diúltófar d'aon iarratas nach gcomhlíonann na ceanglais fhoirmiúla thuasluaite (féach an roinn 'Iarratais'), nó a fhaightear tar éis an sprioc-ama, nó nach gcuirtear isteach trí úsáid a bhaint as an bhfoirm ar líne a chuirtear ar fáil chun na críche sin.**

Is ar bhonn na faisnéise a thugtar sna doiciméid sin, agus ar an mbonn sin amháin, a dhéanfaidh an coiste roghnúcháin na hiarratais a mheas. Féadfaidh an coiste a iarraidh ar iarrthóirí fianaise thacaíochta a sholáthar do na ráitis atá déanta ina n-iarratais acu. Mura gcuireann iarrthóirí an fhianaise sin ar fáil nuair a iarrtar é sin, diúltófar dá n-iarratas.

Chun a chinntiú go bhfuil d'iarratas déanta in am, molaimid go láidir duit gan cur isteach an iarratais a fhágáil go dtí cúpla uair an chloig roimh an sprioc-am. Tarlaíonn sé uaireanta go gcuirtear ró-ualach ar an gcóras de réir mar a bhítear ag teannadh leis an sprioc-am.

BEARTAS EARCAÍOCHTA

**Comhdheiseanna agus cóirithe réasúnta**

I gcomhréir le beartas na Cúirte maidir le heagsúlacht agus cuimsiú agus le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, is mór ag an gCúirt an éagsúlacht agus cuireann sí comhionannas deiseanna chun cinn. Faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, glacaimid le hiarratais gan idirdhealú ar fhoras ar bith agus tá bearta déanta lena chinntiú go bhfuil cóimheá chothrom ann idir mná agus fir ó thaobh na hearcaíochta de. Ina cheann sin, déanaimid bearta d'fhonn réiteach a dhéanamh idir an saol oibre agus saol an teaghlaigh.

Má theastaíonn aon socruithe speisialta uait le haghaidh míchumas sonrach chun gur féidir leat páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, seol ríomhphost luath go maith, le do thoil, chuig ECA-Selection@eca.europa.eu.

COSAINT SONRAÍ

Tá an Chúirt tiomanta dá chinntiú go ndéanfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an ráiteas príobháideachais sonrach maidir le hearcaíocht ag an seoladh seo a leanas:

https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/Specific_Privacy_Statement_vacancies/Specific_Privacy_Statement_vacancies_EN.PDF.

Foilseofar ar shuíomh gréasáin CIE na painéil ar a bhfuil ainmneacha na n-iarrthóirí a chomhlíonann na riachtanais chun dualgais an phoist a chomhlíonadh. Fanfaidh na painéil sin ar ár suíomh gréasáin go dtí nach mbeidh siad bailí a thuilleadh.

Sula bhfoilseofar iad, tabharfar deis do na hiarrthóirí a bhfuil a n-ainmneacha ar na painéil a n-ainmneacha a bhaint den liosta foilsithe trí ríomhphost a sheoladh chuig ECA-Selection@eca.europa.eu. Má bhaintear ainm de na liostaí foilsithe, ní bheidh aon tionchar aige sin ar bhreithniú an iarrthóra sin le haghaidh earcaíocht fhéideartha.

IARRATAÍ AR ATHMHACHNAMH — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC — GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Má mheasann tú, tráth ar bith le linn an nós imeachta roghnúcháin, go bhfuil tú thíos le cinneadh éigin a rinneadh, tá na roghanna seo a leanas agat:

1. **A iarraidh ar an gcoiste roghnúcháin athmhachnamh a dhéanamh ar an gcinneadh**

Féadfaidh tú iarraidh réasúnaithe i scríbhinn a chur isteach ina n-iarrtar athmhachnamh a dhéanamh ar chinneadh atá déanta ag an gcoiste roghnúcháin. Ní mór iarraidh den sórt sin a chur isteach chuig an seoladh seo a leanas laistigh de dheich lá féilire tar éis fógra a fháil faoin gcinneadh, chuig ECA-Recours@eca.europa.eu. I gcás inar lá saoire poiblí, Satharn nó Domhnach é an lá deireanach, críochnóidh an tréimhse nuair a bheidh an uair an chloig dheireanach den lá oibre ina dhiaidh sin caite.

2. **Gearáin**

Faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú gearán i scríbhinn a chur isteach in aghaidh chinneadh na Cúirte diúltú do d'iarratas. Ní foláir é sin a dhéanamh laistigh de thrí mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh sin, agus an gearán a chur chuig an seoladh seo:

An tArd-Rúnaí
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
12, rue Alcide De Gasperi
L-1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

## 3. Achomhairc bhreithiúnacha

Faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú achomharc in aghaidh cinneadh diúltú do do ghearán, sa mhéid go ndéanann an cinneadh sin dochar duit, a chur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Is dlíodóir a chaithfidh caingean den sórt sin a thionscnamh, agus beidh sé sin le déanamh laistigh de thrí mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh diúltú don ghearán.

## 4. Gearáin chuig an Ombudsman Eorpach

Má chreideann tú go raibh drochriarachán i gceist leis an gcaoi ar dhéileáil Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le d'iarratas, féadfaidh tú gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach, ach teagmháil a bheith déanta ar dtús leis an gCúirt agat d'fhonn an díospóid a réiteach. Beidh ort do ghearán a chur isteach i scríbhinn, agus é sin a dhéanamh laistigh de dhá bhliain tar éis duit eolas a fháil ar na fíorais ábhartha. Tá foirm ghearáin leictreonach le fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh. I gcás ina ndéanfar gearán leis an Ombudsman Eorpach, ní chuirfidh sé sin na spriocdhátaí achomhairc thuasluaite ar fionraí.